Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Folláine an Dalta a Fhorbairt sa Cheacht Corpoideachais

Leabhrán

Foghlama Gairmiúla

CC BY NC

Cúimre ar churaclam Corpoideachais agus an chaoi a bhfuil sé mar sprioc aige dul i bhfeidhm le folláine an pháiste

Cuireann Corpoideachas go mór le folláine leanaí a thacú. Tugann Corpoideachas tacaíocht do leanaí scileanna, eolas agus dearcthaí dearfacha a fhorbairt a thacaíonn lena rannpháirtíocht le gníomhaíocht choirp ar scoil, chomh maith le gníomhaíocht choirp sa bhaile agus sa phobal níos leithne. Dá réir sin, glacann Corpoideachas ról lárnach i bhforbairt folláine fisiciúla. Ina theannta sin, áfach, déanann Corpoideachas obair ríthábhachtach ar mhaithe le folláine shóisialta agus mhothúchánach leanaí. Cabhraíonn Corpoideachas le leanaí chun braistint an chomh-mhuintearas, gaolmhaireacht nó nascadh le daoine eile a fhorbairt agus a chothú trí ghníomhaíochtaí coirp a dhéantar ar scoil, sa bhaile nó sa phobal. Is gnéithe ríthábhachtach d'fholláine iad, braistint chuspóra, braistint nascacht agus braistint chómhuintearais, agus is féidir iad seo a chothú trí chorpoideachas.

Folláine an Dalta a Fhorbairt i gCorpoideachas trí bhraistint chómhuintearais

Is ionann braistint chómhuintearais i gcorpoideachas agus braistint go bhfuil meas ag grúpa nó foireann ort agus go nglacann siad leat agus go dtuigeann siad thú (Smith et al 2021). D'fhéadfaí féachaint ar bhraistint chómhuintearais i gcorpoideachas mar nasc sóisialta le piaraí ach le múinteoir freisin. Tugtar gaolmhaireacht ar bhraistint chómhuintearais scaití, agus is príomhghné í den teoiric féinchinntiúcháin d'inspreagadh (Deci agus Ryan, 1985). Féach www.scoilnet.ie/pdst/physlit/motivation chun tuilleadh eolais a fháil maidir le húsáid na teoirice féinchinntiúcháin chun inspreagadh agus muinín an dalta a chothú sa cheacht corpoideachais. Baineann sé leis an méid a airíonn duine aonair ceangailte le daoine eile agus an bhraistint chómhuintearais lena phobal, agus leis an rang corpoideachais agus leis an múinteoir corpoideachais sa chás seo (Sun et al 2010). Tacaítear le forbairt na folláine tríd an mbraistint chómhuintearais seo a chruthú laistigh den rang corpoideachais.

Conas? Is iomaí bealach agus straitéis a fhorbraíonn braistint chómhuintearais an dalta sa cheacht corpoideachais. Seo a leanas roinnt moltaí atá deartha chun braistint chómhuintearais a chur chun cinn agus a fhorbairt sa cheacht corpoideachais - rudaí gur féidir leo tionchar dearfach a bheith acu, ar inspreagadh an dalta chun páirt a ghlacadh sa rang corpoideachais agus ar fholláine an dalta. Roghnaidh na cinn is fearr a thacóidh le braistint chómhuintearais sa cheacht corpoideachais.

Féach: www.scoilnet.ie/pdst/physlit/motivation/ chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi ar féidir gach straitéis a fhorbairt sa cheacht corpoideachais

Cuir foirne agus grúpaí le chéile go cuí	Bain úsáid as scéalta agus drámaíocht
Obair foirne - scileanna a mhúineadh	Bain úsáid as gníomhaíochtaí spraoiúla
Neamhspleáchas agus Rogha a Sholáthar	Bain úsáid as cluichí le foirne beaga (triúr, ceathrar, cúigear an taobh srl)
Forbair spiorad foirne	Seachain cluichí díbeartha
Bain úsáid as struchtúir foghlama comhoibrithe	**Bain úsáid as an tsamhail ionchuimsitheach TREE**

Is ionann neamhspleáchas agus an tuairim go bhfuil smacht agus rogha agat i gcás ar leith (Deci & Ryan, 1985). Cuirtear go mór le forbairt fholláine an dalta nuair atá gné neamhspleáchais nó rogha ar fáil sa cheacht corpoideachais. Cuirtear le braistint chómhuintearais agus nascachta, de bharr go gcuirtear luach ar thuairimí agus guth an scoláire mar chuid den ghrúpa. I gcomhthéacs corpoideachais, d'fhéadfadh go gcuimseofaí leis seo roghanna na ndaltaí a mhéadú ach gné de rogha a chur ar fáil mar aon leis an deis chun cinntí a dhéanamh sa cheacht agus fáilte a chur roimh cheisteanna agus moltaí. Chomh maith leis sin, maidir le gníomhaíochtaí a roghnú, d'fhéadfadh go mbeadh baint ag roghnachas leis an gcaoi chun tabhairt faoin bhfoghlaim agus faoi na rudaí atá le foghlaim (Grey et al 2019) Chun rannpháirtíocht a uasmhéadú sa cheacht corpoideachais agus ionas go mbraithfidh gach dalta braistint chómhuintearais, luach agus inghlacthacht, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na bealaí ar féidir cultúir éagsúla nó roghnachas dalta aonair maidir le gníomhaíocht choirp a léiriú agus a chur san áireamh sa cheacht corpoideachais.

Féach www.scoilnet.ie/pdst/physlit/motivation/autonomy/ le haghaidh tuilleadh eolais.



Gníomhaíochtaí praiticiúla chun braistint neamhspleáchais a fhorbairt sa cheacht corpoideachais

Sruthlaigh an leithreas: Bain úsáid as na cóin chun limistéar imeartha feiliúnach a leagan amach. Bogfaidh na daltaí laistigh den limistéar seo. Roghnaigh 2-3 scoláire chun páirt an "tsruthlóra leithreas" a ghlacadh. "Bogann na sruthlóirí leithreas thart ar an spás imeartha agus cuireann siad leaisteanna ar a mhéad daltaí agus is féidir. Nuair a chuirtear leaist ar dhalta,

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

glacann sé páirt an leithris trí dhul ar a chromada ar ghlúin amháin agus a lámh sínte amach aige chun cruth an leithris a aithris. Chun páirt a ghlacadh sa chluiche i ndiaidh sin, ní mór do dhalta eile an leithreas a shruthlú trí bhrú síos ar an lámh shínte. Athraigh na “sruthlóirí leithreas” go rialta.

Neamhspleáchas agus Roghnachas: Glac sos i lár na gníomhaíochta chun ligean do na páistí bealach eile a roghnú chun a leathbhádóirí a scaoileadh saor e.g. bosa in airde, teagmháil dorn, lámh chúnta a thabhairt do duine seasamh suas má bhí air suí nuair a cuireadh leaist air etc.

Caitheamh i gCiorcal (Leabhar 3, Lth 146)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Cuir na daltaí i ngrúpaí d'ochtar, ag seasamh i gciorcal, le dóthain spáis eatarthu chun na géaga a shíneadh amach, agus liathróid amháin in aghaidh an ghrúpa acu. Piocfaidh gach dalta sa chiorcal dalta eile a dtabharfaidh siad pas den liathróid dó, agus cinntítear go mbeidh gach duine páirteach sa phatrún. Tosaíonn dalta amháin leis an liathróid. A luaithe is a bheidh a bpas tugtha acu rithfidh siad timpeall lasmuigh den chiorcal ar deiseal agus ar ais chuig an gcéad spota ina raibh siad. Déanann an dalta a fhaigheann an ghabháil an próiseas arís agus leantar den imirt go dtí go dtabharfaidh gach duine pas.

Má scaoiltear leis an liathróid, ansin piocann an té arb é a sheal an chéad phas eile a thabhairt suas an liathróid agus leantar den imirt as sin. Déanaidís é sin go dtí go bhfaighidh gach duine seal, agus ansin iompaídís an patrún droim ar ais.

Neamhspleáchas agus Roghnachas: Cuir rogha ar fáil maidir leis an réad a úsáidfear le caitheamh sula dtosófar an cluiche: pónaireán, liathróid bhog, liathróid leadóige, liathróid níos mó, srl.

Glac sos i lár na gníomhaíochta chun ligean do na páistí bealach eile a roghnú chun an liathróid a phasáil chuig a leathbhádóirí e.g. rollaigh an liathróid, caitheamh íochtarach, an lámh eile a úsáid, preabphas srl.

Liathróid Trasna (Leabhar 3, Lth 176)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Cuir na daltaí ina mbeirteanna. Leag amach roinnt cúpla mionchúirt leadóige dhronuilleogach sa limistéar imeartha. Bain úsáid as eangach íseal, rópa, líne chailce nó líne chón mar an líne leath bealaigh. Cuir dhá bheirt i ngach cúirt agus liathróid éadrom phreabach amháin. Is é aidhm an chluiche seo railí a choinneáil ar siúl chomh fada agus is féidir ach an liathróid a bhualadh siar is aniar os cionn na heangaí gan ach an lámh a úsáid. Ba cheart do na daltaí an líon trasnaithe a chomhaireamh agus cuntas a choinneáil ar an scór is airde.



Neamhspleáchas agus Roghnachas: Stop i lár na gníomhaíochta chun ligean do na daltaí gné roghnachais a chur isteach -

- trealamh
- imir go hiomaíoch nó go comhoibríoch
- méid an limistéir imeartha
- Leibhéal an dúshláin – méadaigh/laghdaigh leibhéal an dúshláin
- Dul chun cinn féinluais – athraigh ó dhá phreab a úsáid go dtí preab amháin nó preab ar bith
- Am – leanann na daltaí ar aghaidh leis an imirt leis an bpáirtí céanna ar feadh tréimhse shínte nó babhtáil páirtithe go minic

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Gníomhaíocht - Braistint Neamhspleáchais a chur isteach i ngníomhaíochtaí corpoideachais

Leaisteanna Carraige-Páipéir-Siosúir (GGMGGM, Leabhar 2 lch. 28)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Cuir na daltaí ina mbeirteanna - bí cinnte go bhfuil siad ina seasamh méadar amháin óna chéile agus go bhfuil siad ar aghaidh a chéile. Seasann gach beirt feadh lárlíne agus leagtar líne shábhála fiche méadar taobh thiar den dá shraith daltaí. Imríonn gach beirt carraig-páipéar-siosúr. Is ionann carraig agus dorn dúnta, is ionann páipéar agus lámh sínte agus, maidir leis an siosúr, bíonn an chuma ar an gcorrmhéar agus ar an méar láir go bhfuil siad ar tí rud éigin a ghearradh. Clúdaíonn an páipéar an charraig, briseann an charraig an siosúr agus gearrann an siosúr an páipéar. Chun buaiteoir a dhéanamh amach, comhaireann na daltaí go dtí a trí agus déanann siad carraig, páipéar nó siosúr lena lámh. Ina dhiaidh sin, cuireann an dalta a bhuann an ruaig ar an dalta eile i dtreo a líne shábhála; déanann sé iarracht a leaist a chur air sula mbaineann sé sábháilteacht amach. Cuir na daltaí ina seasamh sa líne arís agus déan an ghníomhaíocht athuair.

Déan plé agus taifead ar an áit inar féidir an ghné roghnachais a chur san áireamh sa ghníomhaíocht seo

-
-
-
-

Cothromaíocht Phónaireáin (GGMGGM, Leabhar 2 lch. 116)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Imlínigh limistéar mór imeartha trí chóin a úsáid. Tabhair cuireadh do thriúr daltaí a leaist a chur ar na daltaí eile agus tabhair cuireadh do thriúr daltaí eile bheith ina dtarrthálaithe. Coinníonn na daltaí eile pónaireán cothrom ar a gcinn ina n-áit féin sa limistéar. Nuair a thugtar comhartha dóibh siúlann nó ritheann na daltaí timpeall an limistéir agus iad ag iarraidh leaist a sheachaint. Má chuirtear leaist ar dhaltaí nó má dhéanann a bpónaireán teagmháil leis an talamh stadann siad agus déanann siad cothromaíocht statach agus a gcuid lámh sínte amach taobh leo go scaoileann na tarrthálaithe iad.

Déan plé agus taifead ar an áit inar féidir an ghné roghnachais a chur san áireamh sa ghníomhaíocht seo

-
-
-

Liathróid ina Tost (GGMGGM, Leabhar 2 lch. 148)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Cuir na daltaí ina ngrúpaí le tuairim is seisear i ngach grúpa. Tabhair liathróid amháin do gach grúpa. Seasann na daltaí i gciorcail agus tosóidh dalta amháin leis an liathróid ina lámha aige. Roghnaigh téama, e.g. tíortha. Glaonn an chéad dalta ainm dalta eile agus glaonn sé tír chomh maith e.g Jack Meiriceá, sula gcaitheann sé an liathróid i dtreo Jack. Glaonn Jack ainm dalta eile agus roghnaíonn sé tír nua chomh maith. Leantar ar aghaidh leis an ngníomhaíocht seo go dtí a) go roghnaíonn dalta tír a glaodh amach cheana nó b) nach mbíonn dalta in ann smaoineamh ar fhreagra taobh istigh de thrí shoicind. Má tharlaíonn sé seo, ní mór don dalta rith timpeall an chiorcail faoi dhó agus ansin páirt a ghlacadh sa chluiche arís.



Déan plé agus taifead ar an áit inar féidir an ghné roghnachais a chur san áireamh sa ghníomhaíocht seo

-
-
-
-
-

An Liathróid Spáis (GGMGGM, Leabhar 3 lch. 137)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Roinn an halla ina dhá chuid (crios A agus crios B) agus socraigh na daltaí in dhá fhoireann. Cuireann an dá fhoireann líon cothrom imreoirí i ngach crios. Déanann na foirne i gcrios A iomaíocht chun an liathróid a phasáil trí huaire eatarthu, sula bpasáiltear chuig crios B í. Leanann na himreoirí i gcrios B ar aghaidh agus pasáiltear ar ais chuig crios A í tar éis trí phas. Má phasáiltear an liathróid thar an líne agus má ghabhann ball den fhoireann chéanna í, bronntar scór.



Déan plé agus taifead ar an áit inar féidir an ghné roghnachais a chur san áireamh sa ghníomhaíocht seo

-
-
-
-

Gníomhaíocht - Braistint Neamhspleáchais a chur isteach i nGníomhaíochtaí Corpoideachais
Leaisteanna Carraige-Páipéir-Siosúir

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

(GGMGGM, Leabhar 2 lch. 28)

Samplaí de Roghnachas

Limistéar imeartha: Fad an achair chun rith chuig daoradh

Gluaiseacht: An modh taistil

Gníomhaíocht: Leaisteanna Carraige, pháipéir, siosúir (rogha an chorp ar fad)

Páirtithe: Ag imirt le páirtithe éagsúla

Cothromaíocht Phónaireáin

(GGMGGM, Leabhar 2 lch. 116)

Samplaí de Roghnachas

Gluaiseacht: An modh taistil

Gníomhaíocht: Rogha na cothromaíochta chun imirt

Gníomhaíocht: Rogha maidir leis an áit chun an pónaireán a chur ann

Gníomhaíocht: Rogha na leibhéal le linn gluaiseachta

Gníomhaíocht: Rogha maidir le líon na leaisteoirí

Liathróid ina Tost

(GGMGGM, Leabhar 2 lch. 148)

Samplaí de Roghnachas

Gluaiseacht: Rogha na Pasála

Gníomhaíocht: Rogha idir téamaí

Gníomhaíocht: Rogha na gluaiseachta timpeall an chiorcail

Trealamh: Rogha maidir le méid na liathróide

Limistéar Imeartha: Rogha maidir le méid an chiorcail

An Liathróid Spáis

(GGMGGM, Leabhar 3 lch. 137)

Samplaí de Roghnachas

Limistéar Imeartha: Rogha maidir le méid an chiorcail

Trealamh: Rogha maidir le méid na liathróide/an phónaireáin

Gníomhaíocht: Rogha maidir le líon na bpasanna le déanamh sula mbeidh cead ag na rannpháirtithe an liathróid a chaitheamh trasna an líne

Gníomhaíocht: Rogha idir cluiche a imirt go hiomaíoch/go comhoibríoch

Bain úsáid as an tsamhail ionchuimsitheach TREE

Is córas simplí í an tsamhail TREE chun gníomhaíochtaí oideachais fisiciúla a idirdhealú ionas go bhfuil na gníomhaíochtaí níos ionchuimsithí agus inrochtana do chách. Cuireann timpeallacht foghlama a thacaíonn le braistint chómhuintearais gach scoláire feabhas ar bhraistint dhearfach folláine i measc scoláirí (Smith et al 2021).

Cuireann an TREE bealach éasca ar fáil chun athruithe a struchtúrú ar gach gníomhaíocht tríd an stíl mhúinteoireachta, rialacha, nó trealamh nó timpeallacht a athrú. Chun samplaí praiticiúla a fháil den chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an méid sin i gcomhthéacs corpoideachais féach an acmhainn SFGM - Gluais go Maith, Gluais go Minic: Cur Chuige Ionchuimsitheach maidir le Corpoideachas agus Forbairt na Scileanna Bunghluaiseachta. Tá an acmhainn seo ceaptha lena húsáid in éineacht leis an acmhainn Gluais go Maith, Gluais go Minic. Leagann sé béim ar raon cur chuige agus modheolaíochtaí is féidir le múinteoirí a úsáid chun bacainní ar rannpháirtíocht a bhaint, chun gur féidir le gach dalta torthaí foghlama a bhaint amach ar fud an churaclaim corpoideachais. Tá sé mar aidhm aige cur ar chumas an mhúinteora timpeallacht agus coinníollacha a chruthú inar féidir le gach dalta bláthú de réir a gcumais féin. Is féidir an acmhainn seo a aimsiú ar www.pdst.ie/Physical-Education-Main



Gníomhaíocht – Gníomhaíocht corpoideachais a chur in oiriúint trí úsáid a bhaint as an tsamhail TREE

Fliceáil agus Scoráil (GSMTGSM, Leabhar 1 lch 174)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Cuir na daltaí ina ngrúpaí de cheathrar nó chúigear. Iarr ar gach grúpa cón a chur dhá mhéadar ó bhosca folamh. Glacann na daltaí sealanna chun an pónaireán a chothromú ar a gcos agus a fhliceáil sa bhosca. Má éiríonn leo an pónaireán a fhliceáil sa bhosca, bronntar pointe amháin ar an ngrúpa. Téann an dalta ansin chun an pónaireán a fháil agus ciceálann sé ar ais chuig an gcéad dalta eile ansin é. Imrídís mar sin go dtí go scórálann grúpa deich bpointe.

Athruithe tríd an tsamhail TREE a úsáid

Cén chaoi a bhféadfaí stíl mhúinteoireachta na gníomhaíochta seo a chur in oiriúint?

-
-
-
-

Faigh an Pónaireán
(Leabhar 2 GGMGGM Lch 103)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Leag limistéar imeartha dronuilleogach amach le cóin. Scaip cuid mhór bacainní thart anseo agus ansiúd sa limistéar imeartha, mar shampla, ropaí scipeála, liathróidí, cóin agus marcóirí spota. Caithfidh na daltaí dul thar na bacainní sin agus dul timpeall orthu. Leag líne fonsaí síos mar bhaile le haghaidh gach grúpa ag ceann amháin den limistéar imeartha. Ag an gceann eile leag fonsa amháin sa lár agus cuir an oiread pónaireán agus is féidir isteach ann. Is é aidhm na gníomhaíochta an taobh eile a bhaint amach trí shleaschéimeanna a thabhairt timpeall ar na bacainní, pónaireán amháin a phiocadh suas, sleaschéimeanna a thabhairt timpeall ar na bacainní ar an mbealach ar ais agus an pónaireán a chur i bhfonsa do ghrúpa. Bíonn an bua ag an ngrúpa ag a bhfuil an líon is mó pónaireán ag deireadh na gníomhaíochta.

Athruithe tríd an tsamhail TREE a úsáid

Cén chaoi a bhféadfaí rialacha na gníomhaíochta seo a chur in oiriúint?

-
-
-
-

Dúshlán na Liathróide Leadóige

(GGMGGM Leabhar 2 Lch159)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Oibríonn na daltaí i mbeirteanna, duine amháin ag caitheamh agus an duine eile ag comhaireamh. Is é atá mar aidhm leis seo ná an liathróid a chaitheamh in aghaidh an bhalla agus í a ghabháil arís a mhinice is féidir i dtríocha soicind.

Ar mhaithe le sábháilteacht déan deimhin de go mbíonn na grúpaí scartha amach trí mhéadar ar a laghad óna chéile.

Athruithe tríd an tsamhail TREE a úsáid

Cén chaoi a bhféadfaí an trealamh don ghníomhaíocht seo a chur in oiriúint?

-
-
-
-

Luch sa teach
(Leabhar 1 GMMGMM Lch. 56)

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Chun an cluiche a leagan amach cuir a mhéid fonsaí (tithe) agus is féidir timpeall an limistéir imeartha, ach cinntigh go bhfuil níos lú ann ná ceann amháin in aghaidh gach dalta. Iarr ar na daltaí ról na luiche a imirt agus spás a aimsiú aon áit sa limistéar imeartha. Nuair a dhéantar comhartha (seinn ceol, buail druma) caithfidh na daltaí scipeáil timpeall an limistéir ag seachaint na bhfonsaí. Nuair a stopann an ceol/druma, caithfidh na daltaí fonsa a fháil agus seasamh isteach ann a luaithe is féidir. Bain fonsa den limistéar tar éis gach sosa. De réir mar a théann an cluiche ar aghaidh, beidh ar na daltaí níos mó fonsaí a roinnt. Féach cé mhéad dalta atá in ann dul isteach in aon fhonsa amháin.

Athruithe tríd an tsamhail TREE a úsáid
Cén chaoi a bhféadfaí an timpeallacht don ghníomhaíocht seo a chur in oiriúint?

-
-
-
-

Obair Foirne - scileanna a mhúineadh

Cabhraíonn scileanna sóisialta agus tréithe pearsanta amhail obair foirne le braistint de chomh-mhuintearas, de ghaolmhaireacht nó de nasc le daoine eile a fhorbairt agus a choinneáil. Cruthaítear cultúr ionchuimsitheach trí bhéim a leagan ar obair foirne, cultúr ina bhfuil gach duine tábhachtach agus ina léirítear ómós do chách. Is féidir éascaíocht a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt d'obair foirne agus braistint chómhuintearais a fhorbairt trí na gníomhaíochtaí comhoibritheacha ón snáithe gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta, agus má tá na scileanna seo ag na daltaí beidh siad in ann páirt a ghlacadh i suíomhanna neamhfhoirmeálta do ghníomhaíocht choirp agus do spórt, agus mura bhfuil na suíomhanna seo ar fáil do na daltaí seo, d'fhéadfadh a mbraistint chómhuintearais a bheith srianta le himeacht aimsire. Ach léirítear i dtaighde, nach neascróidh forbairt na scileanna sóisialta dearfacha agus na ngnéithe pearsanta dearfacha amhail obair foirne as páirt a ghlacadh i gcorpoideachas, spórt nó gníomhaíocht choirp go huathoibríoch (Gibbons et al 1997). Mar sin, tá straitéisí múinteoireachta sainiúla pleanáilte, beartaithe agus córasacha ag teastáil (Richards et al 2019) de bharr go gcaithfear na scileanna seo a mhúineadh seachas a fháil trí ghníomhaíochtaí. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcaoi chun scileanna sóisialta agus gnéithe pearsanta a mhúineadh i gcorpoideachas ar fáil ar ár leathanach Scoilnet, mar aon le réimse acmhainní amhail liostaí gníomhaíochtaí, teimpléid measúnaithe agus plé chomh maith le hacmhainní leabhar agus acmhainní samhaltaithe físeán. www.scoilnet.ie/pdst/physlit/motivation/social/

Roinnt cur chuige maidir le scil shóisialta a theagasc

Sainaithin na príomhghnéithe d'obair foirne

Tabhair spreagadh do dhaltaí chun machnamh a dhéanamh ar an gcuma atá ar obair foirne, ar an gcaoi a mbraitheann sí agus a bhfuaimníonn sí. Cuidíonn an ghníomhaíocht seo le daltaí an scil a bhriseadh síos ina codanna beaga. Is féidir leis na daltaí é seo a dhéanamh leo féin nó i ngrúpaí. D'fhéadfaí na gnéithe d'obair foirne seo a chruthóidh na daltaí a úsáid mar phointí teagaisc 'sna ceachtanna corpoideachais atá le teacht. Taispeáin gearrthóga físe, ailt i nuachtán, scéalta ó do thaithí féin do na daltaí etc. a bhaineann leis an tábhacht le hobair foirne. Is féidir roghnúchán de ghearrthóga físe a fháil ar http://www.scoilnet.ie/fileadmin/user_upload/MoveWellSocialVideosA.pdf

Faigh cleachtas ar an ngné roghnaithe

Dírigh ar cheann amháin nó ar phéire de na pointí teagaisc a bhaineann le hobair foirne mar atá léirithe ar an bpóstaer nó arna gcruthú ag na daltaí agus iad ag baint úsáid as a gcártaí 'a bhreathnaíonn cosúil le, a bhraitheann cosúil le, a fhuaimníonn cosúil le'. Glac páirt i ngníomhaíochtaí corpoideachais agus spreagadh á thabhairt agat d'úsáid na bpointí teagaisc roghnaithe. Féach ar na gníomhaíochtaí roghnaithe ó Ghluais go Maith, Gluais go Minic a chuireann braistint oibre foirne chun cinn ar http://www.scoilnet.ie/pdst/physlit/motivation/social/. Cuir moladh agus aiseolas ar fáil atá dírithe ar fhócas na bpointí teagaisc. Cuir modh feiliúnach measúnaithe ar fáil do na daltaí lena úsáid. Cuir in iúl do phobal níos leithne na scoile faoi na forbairtí a rinne na daoine aonair seo nó a rinne an grúpa ranga iomlán sa réimse seo

SCILEANNA SOISIALTA AGUS BUANNA PEARSANTA A FHORBAIRT I GCORPOIDEACHAS

OBAIR MAR FHOIREANN

Spreagadh agus Muinín (Mothachtálach) - is tagairt é seo do dhíograis an duine chun dul i mbun gníomhaíocht choirp mar bhunchuid den saol, don taitneamh a bhaineann sé aisti agus don chaoi a bhfuil sé muiníneach le tabhairt fúithi.

Ag cabhrú lena chéile

Ag spreagadh agus ag moladh a chéile

Gach éinne páirteach

Cumarsáid

Ag éisteacht

Gluais go Maith, Gluais go Minic:
An Dalta ag a bhfuil Inniúlacht Fhisiciúil a fhorbairt ó thaobh scileanna bunghluaiseachta de

Oide

TEAMWORK

Emphasising teamwork creates an inclusive culture where each person is valued and important. Being part of a team can lead to greater outcomes for all pupils and can enhance pupils' motivation to participate in PE class.

English | Irish

Book One Activities

- Train Station
- Lifesaver Tag
- Find Someone Who
- Long Hop Relay
- Letters
- Bunny Chase
- Frost and Sun
- Catch Me
- Side Step to the Rescue
- Mirror Tag
- Hoop Jump
- Hot Potato
- Balloon Bump

Book Two Activities

- Elephant Walk
- Over Under
- Switch, Change Rotate
- Corner Relay
- Build your Army
- Release Tag
- Hop to the Rescue
- Coordinated Skipping
- Capture the Flag
- Chain Tag
- Spot Tag
- Capture the Treasure
- Fox and Geese
- Mirror Mirror
- Pattern Ball
- Bench Ball
- Smack Attack
- Wish Upon a Star

Book Three Activities

- Corner Relay
- Circle Pass Challenge
- Name Tag
- Hoppy Copy Cats
- Musical Hoops
- Memory Jumping
- Dog Catchers
- Triangle Tag
- Step and Sync
- Circle Pass Challenge
- Circle in Circle Out
- Support the Scout
- Wolves and Bunnies
- Soccer Tag
- Empty the Circle
- Over It Goes
- Hoop Bounce 2
- Wall Ball
- Caught Out

OBAIR MAR FHOIREANN

Teamwork

MEASÚNÚ AN DALTA: GRÉASÁN FÉINMHEASÚNAITHE



1. Ní dóigh liom gur féidir liom é seo a dhéanamh	2. Is féidir liom é seo a dhéanamh ach tá sé deacair	3. Is féidir liom é seo a déanamh an chuid is mó den am	4. Is féidir liom é seo a déanamh i gcónaí

Tuairimí an dalta:
Nuair a thug mé faoin scil seo, bhraith mé:

Tabhair measúnacht ar do chuid iarrachtaí:
Éadrom ☐ **Measartha** ☐ **Dian** ☐

Nóta an Mhúinteora:

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Tá réimse de theimpléid measúnaithe oibre foirne le fáil ar
www.scoilnet.ie/pdst/physlit/motivation/social/

Téigh i dtaithí ar scil lasmuigh den cheacht corpoideachais

Iarr ar na daltaí a neispéiris agus a bpleananna a thaifeadadh, a léiriú agus a chomhroinnt maidir le húsáid a bhaint as na scileanna agus gnéithe seo lasmuigh de chorpoideachas. Tabhair spreagadh do na daltaí a ndialanna corpoideachais/teimpléid mhachnaimh féin a scríobh, agus comhroinn iad le linn am Teanga ó Bhéal-, Am Ciorcail etc. Cén áit agus cathain a léirigh siad an obair foirne dhearfach.

Déan nasc leis an Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais

Iarrtar sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais ar scoileanna Folláine an dalta a chur chun cinn. Ainmnítear braistint chómhuintearais agus nascacht sa doiciméad seo, do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus scoile mar ghné chosanta d'fholláine an dalta. Ainmnítear ceithre phríomhréimse d'fholláine le chur chun cinn sa doiciméad seo freisin. Is iad Cultúr agus Timpeallacht agus Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí péire acu seo agus cuireann siad braistint chómhuintearais chun cinn go mór agus leagann siad amach an tábhacht le caidrimh dhearfacha d'fholláine an dalta ar scoil.
Cuirtear go leor deiseanna ar fáil i ngach ceann de na príomhréimsí chun folláine an dalta a fhorbairt trí oideachas fisiciúil agus trí ghníomhaíocht choirp. Féach an ghrafaic eolais le haghaidh tuilleadh eolais. Féach www.pdst.ie/wellbeing chun tuilleadh tacaíochtaí agus acmhainní a fháil.

Déan nasc leis an Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais

Naisc Acmhainní Ceardlainne		
Straitéisí chun braistint chómhuintearais a fhorbairt sa cheacht corpoideachais	www.scoilnet.ie/pdst/physlit/motivation/belonging/	
Póstaer Neamhspleáchais agus Roghnachais	www.scoilnet.ie/fileadmin/user_upload/Autonomy_and_Choice_A4_21.pdf	
Acmhainn Ionchuimsitheach Gluais go Maith, Gluais go Minic	www.pdst.ie/Physical-Education-Main	
Obair Foirne a fhorbairt sa cheacht corpoideachais	https://www.scoilnet.ie/pdst/physlit/motivation/social/	